Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14930/25**

**SPORT 43**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Daonlathas agus trédhearcacht sa spórt<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 28 Samhain 2025.

## Daonlathas agus trédhearcacht sa spórt

*Nóta stiúrtha ón Uachtaránacht*

Is dlúthchuid de shochaí na hEorpa é an spórt. Tá níos mó i gceist leis ná iomaíocht, torthaí agus boinn: spreagann sé daoine beag beann ar theorainneacha, cultúir agus teangacha, téann sé i dteagmháil leo agus tugann sé le chéile iad. Trí lúcháir, cothroime, cuimsiú agus meas a chur chun cinn, cuidíonn an spórt le saoránaigh ghníomhacha, shláintiúla a mhúnlú atá sásta a bheith rannpháirteach sa phobal. Cruthaíonn sé droichid, cruthaíonn sé spásanna agus sáraíonn sé difríochtaí ar mhaithe le spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. Ar an bpáirc agus i gclubanna áitiúla, neartaíonn an spórt ár bhféiniúlacht choiteann agus an comhtháthú, ag léiriú gurb iad cothrom na Féinne agus urramú na rialacha bunchloch na saoránachta daonlathaí. Mar fhíorscoil an daonlathais, cothaíonn an spórt ionracas, freagracht agus rannpháirtíocht, lena neartaítear an chreatlach shóisialta ar a bhfuil ár sochaí bunaithe.

Is é sin an bhunchloch ar a bunaíodh an tSamhail Spóirt Eorpach. Tá sí fréamhaithe sa choincheap gur gá don spórt, ní hamháin siamsaíocht a chur ar fáil, ach tacaíocht a thabhairt dár gcomhluachanna, mar atá an daonlathas, an trédhearcacht, an dlúthpháirtíocht agus an urraim do chearta an duine. Is iad na prionsabail sin bunchlocha na hiontaofachta agus na dlisteanachta sa spórt. Dá n-uireasa, tá an baol ann go gcaillfidh an spórt a ról aontaitheach mar fhórsa cuiditheach ar mhaithe le leas na sochaí. Is é sin an fáth gur bheartaigh Uachtaránacht na Danmhairge Daonlathas agus Trédhearcacht sa Spórt a chur i gcroílár an phlé pholaitiúil seo.

Ba chloch mhíle thábhachtach é an dearbhú comhpháirteach maidir le Trédhearcacht, Daonlathas agus Cearta an Duine in Obair na gCónaidhmeanna Idirnáisiúnta Spóirt a thionscain an Danmhairg agus na tíortha Nordacha in 2021. Cuirtear cinnteoireacht oscailte dhaonlathach chun cinn leis an dearbhú, ar shínigh 23 thír Eorpacha ar dtús é agus atá anois formhuinithe ag 38 dtír san iomlán, agus is tagairt úsáideach é sa phlé intíre agus idirnáisiúnta d’eagraíochtaí spóirt, a bhfuil freagracht shuntasach orthu as dea-chleachtais dhaonlathacha a chur chun feidhme agus a chaomhnú. Tá luachanna daonlathacha agus trédhearcacha fréamhaithe go daingean anois i mbeartas spóirt an Aontais, ón Pháipéar Bán 2007 maidir le Spórt agus Conradh Liospóin 2009 go Pleananna Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt agus an clár Erasmus+, rud a neartaíonn an dea-rialachas agus a dhaingníonn ról sochaíoch an spóirt sa chomhar Eorpach.

Ach d'ainneoin an dul chun cinn sin, tá dúshláin thromchúiseacha ann fós. Tá easnaimh dhaonlathacha fós le sárú ag go leor eagraíochtaí idirnáisiúnta spóirt, sa chaoi ina ndéantar cinntí – a bhfuil impleachtaí forleathana acu - gan na balleagraíochtaí, na lúthchleasaithe ná an tsochaí shibhialta a bheith fíorpháirteach sa phróiseas. Tá an trédhearcacht fós neamh-leordhóthanach, e.g. maidir le cearta óstála a bhronnadh, réimse inar measa an riosca éillithe agus an tionchar míchuí de bharr critéir dhoiléire agus nósanna imeachta vótála doiléire. Ag an am céanna, leantar den spórt a úsáid mar uirlis don spórt-snasú, mar a thugtar air, cleachtas trína mbaineann réimis leas as mórimeachtaí chun a gclú a shnasú agus aird a atreorú ó phróisis neamhdhaonlathacha agus ó sháruithe ar chearta an duine.

Thairis sin, is drochrud iad na sraitheanna nuathionscanta spóirt, ar fiontair thráchtála iad nach bhfuil ag teacht go hiomlán le bunluachanna na Samhla Spóirt Eorpaí. Comórtais dhúnta iad atá scartha ó ghnáthstruchtúir ardaithe agus íslithe céime, a bhaineann an bonn den dlúthpháirtíocht idir clubanna móra agus beaga, a ghearrann na naisc bhunriachtanacha idir spórt ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal na scothaicme, agus a chreimeann an oscailteacht agus an chothroime is dual do thraidisiúin spóirt na hEorpa. Chomh maith leis sin, nuair a athlonnaítear comórtais Eorpacha chuig ionaid lasmuigh den Eoraip ar mhaithe le críocha tráchtála, déantar na naisc chultúrtha agus shóisialta idir clubanna, lucht leanúna agus pobail a lagú. Nuair a bhogtar an spórt óna chomhthéacs nádúrtha, tá an baol ann go ndéanfar a lucht tacaíochta a choimhthiú agus go gcaillfear ról an spóirt maidir le féiniúlacht áitiúil agus náisiúnta a chothú.

Má leantar ar aghaidh leis sin, tá baol ann go gcaillfidh an spórt a dhlisteanacht i measc an phobail. Braitheann muinín an phobail ar chluichí a bheith á n-imirt de réir chothrom na Féinne agus cinntí á ndéanamh ar fhorais chothroma dhaonlathacha. Ní mór iarracht ghníomhach a dhéanamh chun an tSamhail Spóirt Eorpach a chosaint. Ní mór don Aontas, dá Bhallstáit agus d'eagraíochtaí spóirt a dtiomantas do luachanna na Samhla Spóirt Eorpaí a athdhearbhú, tacaíocht a thabhairt do chomórtais oscailte agus an dlúthpháirtíocht idir spórt ag leibhéal an phobail agus an scothspórt a chaomhnú.

Is éard atá i gceist leis an tsamhail a chosaint ná trédhearcacht agus ionracas a chaomhnú, a áirithiú gur bunaithe ar fhiúntas a bheidh an rochtain ar chomórtais agus torthaí an spóirt — seachas ar eisiachas airgeadais ná ar chórais dhúnta. Is í an trédhearcacht sin, atá leabaithe i struchtúir ardaithe agus íslithe céime, a dhéanann idirdhealú idir formhór an spóirt Eorpaigh agus formáidí arb iad críocha tráchtála an chloch is mó ar a bpaidrín. Aithníonn an tAontas agus a Bhallstáit neamhspleáchas an spóirt ach fós féin níor cheart dúinn na maidí a leagan le sruth; ní mór dúinn leanúint de bheith gníomhach, den idirphlé leanúnach agus de bheith tiomanta d'fheabhas leanúnach. Tá gá le seasamh láidir i gcoinne comórtais Eorpacha a bhogadh lasmuigh den Eoraip ar mhaithe le críocha tráchtála, agus a athdhearbhú nach féidir caitheamh le luach cultúrtha agus sóisialta an spóirt amhail is dá mba ghnáth-thráchtearra intrádála é.

Réimse eile nach mór trédhearcacht agus dlisteanacht a neartú ina leith is ea cearta óstála a bhronnadh do mhórimeachtaí. Ba cheart go mbunófaí cinntí ar chritéir shoiléire phoiblí, agus ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thíortha ar mhian leo imeachtaí a óstáil a mhéid a bhaineann lena dteist i réimse chearta an duine, caighdeáin rialachais agus saoirse an phreasa. Le blianta beaga anuas, léirigh sceithirí agus imscrúduithe neamhspleácha an chaoi ar féidir tionchar a imirt ar bhronnadh ceart óstála comórtas trí chinnteoireacht dhoiléir, easpa maoirseachta agus cúbláil ar na hinsintí poiblí — lena n-áirítear faireachas ar iriseoirí agus rialú faisnéise chun cáineadh a chur faoi chois. Léiríonn a leithéid na rioscaí a bhaineann le laghdú na trédhearcachta agus na cuntasachta, agus a riachtanaí atá sé go n-áiritheofaí an oscailteacht, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an grinnscrúdú neamhspleách mar choinníollacha dosheachanta tráth a bhíonn cearta óstála imeachtaí idirnáisiúnta spóirt á mbronnadh agus tráth a bhíonn na himeachtaí féin á bhfaire.

Dá bhrí sin, a luaithe a chinntear cearta óstála a bhronnadh, is den riachtanas go nochtfaí na sonraí vótála agus go mbeadh próisis leantacha thrédhearcacha ann, é sin agus maoirseacht neamhspleách agus ceanglais shoiléire maidir le hoidhreacht fhadtéarmach shóisialta agus chomhshaoil an imeachta.

Tá i bhfad níos mó i gceist le neartú an daonlathais agus na trédhearcachta sa spórt, áfach, ná cearta óstála. Baineann sé le rialachas laethúil na gcónaidhmeanna, na gclubanna agus na gcumann spóirt, leis an gcaoi a mbainistítear an sreabhadh airgeadais, leis an gcaoi a gcosnaítear agus a dtacaítear le lúthchleasaithe, agus leis an gcaoi a roinntear faisnéis. Ciallaíonn sé freisin tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a chuireann ionracas an spóirt chun cinn — iriseoirí, sceithirí agus saineolaithe neamhspleácha — a bhfuil a ngrinnscrúdú agus a misneach fíor-riachtanach ar mhaithe le cuntasacht. Is den tábhacht do rialachas daonlathach an spóirt é a gur féidir leis na gníomhaithe sin oibriú gan bhac agus go sábháilte.

Ní féidir le haon tír ná eagraíocht amháin na hathruithe sin a bhaint amach ar a conlán féin. Braitheann an dul chun cinn ar chomhghuaillíochtaí láidre a bheith ann i measc stáit ar aon dáimh lena chéile, ar thacaíocht a bheith á tabhairt do chónaidhmeanna idirnáisiúnta spóirt lena gcleachtais rialachais a athchóiriú, agus ar uirlisí agus caighdeáin phraiticiúla a bheith á bhforbairt ar mhaithe le hoscailteacht agus cuntasacht. Tá sé chomh tábhachtach céanna oideachas agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn laistigh d'éiceachóras an spóirt chun tuairisciú criticiúil neamhspleách a neartú agus chun cuidiú le cur i gcoinne ionramháil agus rialú na n-insintí.

Trí iarracht chomhchoiteann, is féidir leis an Aontas, lena Bhallstáit, agus le heagraíochtaí spóirt cabhrú lena áirithiú go mbeidh an trédhearcacht agus an daonlathas ina ngnás seachas ina n-eisceacht sa spórt idirnáisiúnta. Tugann an spórt le chéile sinn, ach is gné lárnach den spórt sinne freisin. Tá gá le guth Eorpach láidir, daonlathach agus coiteann chun ionracas an spóirt a chosaint agus chun a ról mar fhórsa aontaitheach sa tsochaí a chaomhnú.

Iarrtar ar gach Ballstát, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Conas is féidir leis an Aontas agus a Bhallstáit tacú ar an mbealach is éifeachtaí agus is nithiúla le cónaidhmeanna idirnáisiúnta spóirt chun an daonlathas, an trédhearcacht agus an t-ionracas ina gcuid struchtúr rialachais a neartú — mar shampla trí phrionsabail choiteanna Eorpacha i leith an dea-rialachais, lena leagfaí síos caighdeáin agus ionchais shoiléire?

2. Conas is féidir leis an Aontas agus a Bhallstáit an tSamhail Spóirt Eorpach a chosaint agus a chur chun cinn sa chaoi is daingne — lena n-áirítear luach oscailteacht na gcomórtas, na dlúthpháirtíochta idir gach leibhéal spóirt, agus na freagrachta sóisialta — agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na nuashraitheanna scarúnaíocha agus ar athlonnú na gcomórtas Eorpach?

Ná téigh thar thrí nóiméad d'am labhartha le do thoil.